



Caibidil 9 Báid Chairte/ Fostú Báid Lom



Glactar le báid a chuirtear ar fáil ar cíos le scipéir agus criú mar Bháid Phaisinéara agus ní mór suirbhé agus ceadúnú a dhéanamh orthu leis an Oifig Shuirbhéireachta Mara den RMÉ. Tugtar báid chairtfhostaithe nó báid loma ar cíos ar bháid a chuirtear ar fáil gan criú agus le húsáid ag daoine príobháideacha.

Tá réimse bád ar fáil ar cíos don phobal. Ina measc, tá:

- Cúrsóirí Cábáin ar uiscebhealaí na Sionainne.
- Báid seoil a úsáidtear ar aistir chósta fhada.
- Báid a úsáidtear le haghaidh slatiascaireachta ar locha intíre.
- Báid lae le haghaidh turais áitiúla (ar an gcósta nó intíre).
- Báidíní Seoil.
- Clársheoltóirí.
- Báirsí.

Tá roinnt cumainn chairtfhostaithe ann le cód feidhmiúcháin a gcloíonn a gcuid ball leis, maidir le míreanna ar nós:

- Trealamh sábháilteachta ar fáil.
- Teorannacha feidhmiúcháin do na báid.
- Oiliúint agus cleachtadh do chustaiméirí ar bháid a láimhseáil.
- Cúltaca práinne agus cothabháil.

Ag brath ar chineál an bháid atá á chairtfhostú agus an cúrsa beartaithe taistil, éileoidh roinnt oibreoirí go gcruthóidh custaiméirí leibhéil cumais a shásaíonn an comhlacht.

Ba chóir do bhaill den phobal a bhfuil sé i gceist acu árthaí dá leithéid a fháil ar cíos fiosrú den chomhlacht báid faoi na ceisteanna a liostaítear in ailt 9.1 go 9.3.

9.1 Oiliúint

Cé go gcuireann oibreoirí áirithe scéim chuimsitheach oiliúna ar fáil, le teagasc pearsanta agus fístéipeanna san áireamh, b'fhéidir nach gcuirfeadh oibreoirí eile. Roimh imeacht ar bhád ar bith, ba chóir do chustaiméirí treoir a lorg ón úinéir/oibreoir maidir leis na míreanna seo a leanas a bhaineann go háirithe leis an mbád atá á fháil acu:

- Feidhmiú an innill, feidhmiú cnaipí agus seiceáil bunúsach ar an innill san áireamh.
- Feidhmiú práinne threalamh an bháid – m.sh. stiúradh práinne, modhanna eile chun an t-inneall a thosú, úsáid an ancaire.
- Láthair gach píosa den trealamh sábháilteachta (GSP/seaicéid tarrthála san áireamh).
- Feidhmiú an trealaimh sábháilteachta: GSP/seaicéid tarrthála a chur ort, bladhmanna guaise agus raidió san áireamh de réir an chineál báid atá ann.
- Suíomh an ghléis mhúchta tine agus conas é a úsáid (má bhaineann sé le cineál an bháid).
- Modhanna chun bodharuisce a phumpáil.
- Gníomhaíochtaí i gcás suí ar an talamh.
- Treoir maidir le bád a láimhseáil, ina measc feistiú taobh le taobh,

dul ar chúil, ainliú i gcás duine i bhfarraige, agus gnáthaimh théarnaimh (taispeántas gearr praiticiúil a bheadh i gceist leo seo).

- Sonraí faoin gceantar feidhmithe, coinníollacha aimsire áitiúla, léarscáileanna/cairteacha, Fógraí Mara mar is cuí.
- An líon is mó daoine/bagáiste ar féidir leis an ártach a iompar.
- Pointí teagmhála do na seirbhísí tarrthála, cainéil raidió, agus uimhreacha gutháin phóca ábhartha.

Cuirtear cúrsaí ar fáil ag eagraíochtaí éagsúla (féach ar Aguisín 9).

9.2 Árachas

- An bhfuil clúdach árachais ar an mbád?

- Cad é réim an chlúdaigh árachais?
- An bhfuil aon srianta nó coinníollacha (oiriúnacht an bháid le húsáid ar chanálacha nó comhlíonadh ceadúnais mar shampla) a bhaineann leis an gclúdach árachais?

Mura gcloítear le téarmaí agus coinníollacha árachais, seans go gcruthófar deacrachtaí agus go gcuirfean an t-árachas ar neamhní.

9.3 Íosmhéid trealamh sábháilteachta ar bord

Ba chóir go mbeadh íosmhéid trealamh sábháilteachta i ngach bád a chuirtear ar cíos gan scipéir, de réir mar atá molta i dTábla E i gCaibidil 2 agus Tábla F i gCaibidil 3, mar a bhaineann siad le réimse úsáide an ártachigh.





Déantar Árthaí Áineasa a rangú i 6 chatagóir:

Catagóir A – Aigéan

Catagóir B – Amach ón gCósta

Catagóir C – Cois Cladaigh

Catagóir D – Cois Cladaigh/Inbhir

Catagóir E – Uiscebhealaí intíre,
lochanna móra
oscailte san áireamh

Catagóir F – Uiscebhealaí Intíre –
báid oscailte atá níos
lú ná 7 m ar fad ag
oibriú in aibhneacha
agus ceantair faoi
fhoscadh ar locha faoi
choinníollacha
measartha aimsire.

De ghnáth bíonn árthaigh ar cíos in uiscí na hÉireann teoranta do Chatagóirí C, D, E agus F.